Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

Stampa an Ionaid

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2015

Gaeilge Gnáthleibhéal

Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

Dé Luain
8 Meitheamh
Tráthnóna, 2.00 go dtí 3.50

Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

Don Scrúdaitheoir	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid I: Cluastuiscint

(60 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cén t-ainm a bheidh ar an gclár nua ar Raidió Fáilte?	
Cén tráthnóna a bheidh an clár nua ar siúl?	
Cén saghas ceoil a bheidh le cloisteáil ar an gclár nua?	
Luaigh ceann **amháin** de na duaiseanna a bhronnfar.	

FÓGRA A DÓ

1. **(a)** Cá fhad a mhairfidh an cúrsa seo?

_____

(b) Cén contae ina bhfuil Gleann Cholm Cille?

_____

2. **(a)** Cén mhí a bheidh an cúrsa seo ag tosú?

_____

(b) Cén costas a bheidh ar an gcúrsa seo?

_____

Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cathain a fuair scoil Dhónaill an Bhratach Ghlas?

_____

2. Cé a bhí ar an gCoiste Glas i scoil Dhónaill?

_____

An Dara Mír

1. Scríobh síos rud **amháin** a athchúrsáladh i scoil Dhónaill.

_____

2. Cad a bheidh an Coiste Glas i scoil Dhónaill ag iarraidh a shábháil an bhliain seo chugainn?

_____

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cá raibh Orla ar saoire an samhradh seo?

_____

2. Cén fáth ar fhág uncail Orla Éire sna hochtóidí?

_____

An Dara Mír

1. Cén obair a bhí ar siúl ag Seán in Éirinn?

_____

2. Cé mhéad páiste atá ag uncail Orla?

_____

Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cá háit i gConamara a bhfuil Teach an Phiarsaigh?

_____

2. Cad iad na huaireanta a bhíonn Teach an Phiarsaigh ar oscailt i rith an tsamhraidh?

_____

PÍOSA A DÓ

1. Cén mhí a thosaigh an tseirbhís nuachta trí Ghaeilge ar líne?

_____

2. Scríobh síos saghas **amháin** scéil atá le fáil ar an tseirbhís nuachta seo.

_____

Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

A – GIOTA LEANÚNACH / BLAG – (50 marc)

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) Breithlá iontach a bhí agam.

(ii) Pearsa spóirt a thaitníonn go mór liom.

(iii) Rudaí a chuireann áthas orm.

B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***thús*** leis.

(i) D'fhéach mé ar m'fhón póca. Léigh mé an téacs ó mo chara. Níor chreid mé mo shúile …

nó

(ii) Bhí mé ag tiomáint síos an bóthar. Stop na gardaí mé. Bhí mé i dtrioblóid ...

C – LITIR / RÍOMHPHOST – (50 marc)

(i) Tá tú díreach tar éis teacht abhaile ón ospidéal.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di cén fáth a raibh tú san ospidéal **agus** ag cur síos ar an am a chaith tú san ospidéal.

nó

(ii) Bhí tú ag ceolchoirm le déanaí.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoi na hullmhúcháin a rinne tú roimh an gceolchoirm **agus** faoi na rudaí a tharla ag an gceolchoirm.

D – COMHRÁ – (50 marc)

(i) Tá torthaí na hArdteistiméireachta díreach faighte agat. Tá do thuismitheoirí sásta le do thorthaí.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoi sin.

nó

(ii) Tá an scoil díreach oscailte tar éis laethanta saoire an tsamhraidh. Buaileann tú le cara leat nach bhfaca tú i rith an tsamhraidh.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoi laethanta saoire an tsamhraidh.

Leathanach Bán